An Garda Síochána

# Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail
# Feasachán

**R2 2019**

Taighde arna dhéanamh ag amárach research

**San fheasachán seo, cuirtear i láthair na príomhthorthaí ón dara ráithe den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a rinneadh idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2019. Cé go ndéantar suirbhé agus tuairisciú ar dhaoine 16-17 mbliana d'aois i dtuarascáil bhliantúil an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail, tá méid an tsampla ró-bheag le tuairisciú air ar bhonn ráithiúil.**

## CLÁR ÁBHAIR


2 Braistintí faoi choireacht
2 Íospairt
3 Eagla agus imní faoi choireacht
3 Infheictheacht an Gharda Síochána
4 Sástacht leis an nGarda Síochána
5 Iontaoibh sa Gharda Síochána
5 Comhionannas cóireála ag an nGarda Síochána
6 Braistintí faoi eagraíocht an Gharda Síochána
7 Conclúid



Cuireadh ceisteanna ar fhreagróirí an tsuirbhé faoina mbraistintí ar choireacht náisiúnta agus áitiúil; an raibh siad ina n-íospartaigh na coireachta le linn na bliana agus, más amhlaidh, ar thuairiscigh siad an choir do na Gardaí. Chomh maith leis sin, cuireadh ceist faoi leibhéil sástachta maidir le conas a láimhseáladh a gcás. Fiafraíodh d'fhreagróirí faoina leibhéal eagla agus imní maidir le coireacht agus íospairt, agus cibé an bhfuil tionchar aige seo ar a gcáilíocht bheatha. Bailíodh a dtuairimí ar na cineálacha coireanna ar chóir do na Gardaí tosaíocht a thabhairt dóibh chomh maith le dearcthaí ar infheictheacht agus ar láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla. Rinneadh scrúdú ar na leibhéil sástachta maidir leis an nGarda Síochána agus an méid muiníne a bhraith na Gardaí agus rinneadh scrúdú freisin ar na tuairimí faoin gcomhionannas cóireála a thaispeánann na Gardaí, ar chaidreamh an Gharda Síochána agus braistintí faoi éifeachtacht agus cumas eagraíochta an Gharda Síochána.


Tá an suirbhé deartha ionas go mbeidh sé ar siúl ar bhonn leanúnach (tá suirbhé á dhéanamh ar an daonra ar bhonn leanúnach) agus tá suirbhé á dhéanamh ar 1,500 duine gach ráithe. Bailíodh sonraí trí agallaimh intí, duine le duine le rannpháirtithe. Tá na torthaí ardleibhéil a chuirtear i láthair san fheasachán seo bunaithe ar shonraí atá ualaithe de réir aoise, inscne, aicme sóisialta agus náisiúntachta.


Is suirbhé de shampla randamach den daonra é seo. Dá bhrí sin, ní mór glacadh leis go mbeidh roinnt lamháil earráide ann. Ríomhadh é seo ag +/- 2.53 faoin gcéad don sampla ráithiúil. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, de réir agus a dhéantar anailís ar chomhréireanna níos lú, tagann méadú ar an lamháil earráide. Ba chóir é sin a chur san áireamh nuair atá scrúdú a dhéanamh ar anailís ar íospartaigh na coireachta. Ina theannta sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach dtiocfar ag 100 faoin gcéad i ngach cairt ina n-úsáidtear céatadáin mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí. De réir na modheolaíochta a úsáideadh sa Tuarascáil Bhliantúil 2018, rinneadh réamhanailís ar na hathróga go léir chun measúnú a dhéanamh ar an gcion de na freagraí 'gan fhios'. Rinneadh cinneadh ansin ar chóir iad a fhágáil ar lár ó anailísí a dhéanfar ina dhiaidh sin. 'Baineadh na freagraí 'gan fhios' agus diúltaithe as an anailís más ionann iad agus níos lú ná 10 faoin gcéad de na freagraí i ngach pointe tomhais. I gcásanna ina raibh níos mó ná 10 faoin gcéad d'fhreagraí na bhfreagróirí comhdhéanta d'fhreagraí 'gan fhios' cuirtear i láthair anailís lena n-áirítear na freagraí sin agus gan na freagraí sin ar mhaith le hiomláine. Tá monatóireacht ar bun ar fhreagraí 'gan fhios' agus ar fhreagraí diúltaithe chun a chinntiú go gcothaítear cáilíocht na sonraí.


## Déimeagrafaigh

Tá an sampla comhdhéanta de 1,500 duine fásta atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn.








# Braistintí faoi Choireacht

I R2 2019, mheas 79 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé go raibh an choireacht náisiúnta 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' - méadú de 8 bpointe céatadáin ó ráithe a haon den bhliain seo, agus ba é seo an leibhéal is airde a taifeadadh ó R2 2018. Mar sin féin, go ginearálta, d'fhan céatadán na bhfreagróirí a mheasann go bhfuil an choireacht náisiúnta "an-tromchúiseach" nó "tromchúiseach" réasúnta seasmhach thar an líon deireanach de scrúduithe suirbhé, le figiúirí ag athrú ó 71 go 79 faoin gcéad ó R2 2018. Leanann na freagróirí orthu de bheith den tuairim go bhfuil an choireacht áitiúil níos tromchúisí ná an choireacht náisiúnta. I R2 2019, mheas 19 faoin gcéad d'fhreagróirí go raibh an choireacht ina gceantair áitiúla 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' - méadú de 3 phointe céatadáin ó R1 2019 ach laghdú de 3 phointe céatadáin ón ráithe chéanna anuraidh.

## Braistintí faoi Choireacht Náisiúnta






## Braistintí faoi Choireacht Áitiúil




Is fadhb an-tromchúiseach í · Is fadhb thromchúiseach í · Is fadhb mheasartha í · Ní fhadhb í

# Íospairt




Le linn Ráithe 2 2019, b'ionann an ráta íospartaigh[1] agus 5.2 faoin gcéad[2] le 76 faoin gcéad[3] d'íospartaigh a ndearnadh agallamh orthu ag rá gur thuairiscigh siad a n-eachtra choireachta is déanaí leis an nGarda Síochána. Is ionann an ráta tuairiscithe seo agus laghdú de 9 bpointe céatadáin ó R1 de 2019. Le linn Ráithe 2 2019, b'ionann ráta sástacht íospartaigh na coireachta (a thuairiscigh an choir leis na Gardaí) agus 66, figiúir nár tháinig aon athrú air ó R1 2019. B'ionann an céatadán d'íospartaigh a mheas go raibh an méid ceart faisnéise curtha ar fáil dóibh agus 53 faoin gcéad - laghdú beag ó R1 na bliana seo. **Ba chóir go gcaithfí go cúramach le figiúirí ráithiúla a bhaineann le híospartaigh na coireachta mar gheall ar mhéid íseal na samplaí**.


1 *Áirítear leis seo a bheith ina íospartach mar gheall ar bhuirgléireacht, goid, robáil, damáiste coiriúil, ionsaí nó calaois.*

2 *D'fhulaing 79 freagróir íospairt sa 12 mhí roimhe sin.*

3 *Thuairiscigh 62 íospartach an choir leis an nGarda Síochána.*

# Buartha faoi Íospairt agus Eagla faoi


I R2 2019, b'ionann céatadán na bhfreagróirí nach raibh buartha faoina bheith ina íospartach coireachta agus 55 faoin gcéad - gan athrú ó R1 na bliana seo, agus méadú de 6 phointe céatadáin ón ráithe chéanna in 2018. As na freagróirí sin a raibh imní orthu faoi íospairt; bhí imní ar 5 faoin gcéad go mbeidís ina n-íospartach mar gheall ar dhíobháil phearsanta, bhí imní ar 12 faoin gcéad faoi ghoid nó damáiste maoine, agus bhí imní ar 27 faoin gcéad go mbeadh siad ina n-íospartach den dhá cheann. I R2 2019, thuairiscigh 35 faoin gcéad de na freagróirí nach raibh aon eagla orthu i leith na coireachta i gcoitinne. I gcás na bhfreagróirí sin a thuairiscigh go raibh imní orthu, bhí 'a lán imní' ar 3 faoin gcéad, agus thuairiscigh 61 faoin gcéad go raibh eagla 'éigin' orthu nó go raibh eagla 'beag' orthu. Thuairiscigh seasca agus ceithre faoin gcéad de na freagróirí nach raibh aon tionchar ag a n-eagla faoi choireacht ar a gcáilíocht bheatha (tá athrú idir 60% agus 66% ag teacht ar an bhfigiúr seo ó R2 2018). I measc na bhfreagróirí a thuairiscigh go raibh tionchar ag eagla faoi choireacht ar a gcáilíocht bheatha, dúirt 23 faoin gcéad go raibh laghdú beag tagtha ar a gcáilíocht bheatha, thuairiscigh 10 faoin gcéad go raibh laghdú measartha tagtha ar a gcáilíocht bheatha agus dúirt 3 faoin gcéad go raibh laghdú suntasach nó mór tagtha ar a gcáilíocht bheatha.





# Infheictheacht an Gharda Síochána

I R2 2019, tháinig méadú ar bhraistintí maidir le patróil an Gharda Síochána i gceantair áitiúla agus láithreacht an Gharda Síochána go háitiúil agus tá siad anois ar na leibhéil is airde a taifeadadh sna cúig ráithe dheiridh den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. Thuairiscigh daichead a haon faoin gcéad de na freagróirí go raibh siad ar an eolas faoi phatróil na nGardaí ina gceantar áitiúil le linn R2 2019 - méadú de 3 phointe céatadáin ón gcéad ráithe i mbliana. Le linn R2 2019, mheas 46 faoin gcéad de na freagróirí go raibh láithreacht na nGardaí ina gceantair áitiúla 'ceart' - méadú de 9 bpointe céatadáin i gcomparáid leis an ráithe chéanna in 2018.

## Patróil na nGardaí ar Bhonn Áitiúil




## Infheictheacht na nGardaí ar Bhonn




# Sástacht leis an nGarda Síochána

I R2 2019, thuairiscigh 80 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé go raibh siad "an-sásta" nó "sásta" leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil dá bpobail áitiúla (b'ionann an figiúr seo agus 75% nuair a cuireadh freagraí "níl a fhios" san áireamh). D'fhan leibhéil sástachta réasúnta seasmhach thar na ceithre ráithe deireanacha (80% i R3 agus R4 de 2018 faoi seach, agus 79% i R1 2019). I R2 de 2019 leanadh leis an treocht aníos maidir le sástacht le seirbhís an Gharda Síochána do phobail áitiúla i measc freagróirí an tsuirbhé a taifeadadh ó R1 2016 (nuair a bhí sé ag 62%), agus na leibhéil sástachta ab airde sa cheithre ráithe dheireanacha.


In Eanáir 2018, cuireadh ceithre cheist nua leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. Baineann siad seo le hiontaofacht na nGardaí i gceantair áitiúla agus le caidreamh an Gharda Síochána leis an bpobal. . I R2 2019, d'aontaigh 72 faoin gcéad de na freagróirí gur féidir brath ar na Gardaí a bheith ann nuair a bhíonn gá leis. Tá an figiúr seo ag athrú idir 70 agus 76 faoin gcéad ó R2 2018.  D'aontaigh tríocha a dó faoin gcéad de na freagróirí gurb 'lag' é an caidreamh atá ag na Gardaí leis an bpobal, laghdú de 4 phointe céatadáin ó R1 2019; mheas formhór na bhfreagróirí, ag 84 faoin gcéad, go n-éisteann na  Gardaí le himní na ndaoine áitiúla - gan aon athrú ó R1 2019. Ar deireadh, d'aontaigh 34 faoin gcéad de na freagróirí nach bhfuil na Gardaí ag déileáil leis na hábhair atá tábhachtach don phobal áitiúil. Tháinig laghdú ar an bhfigiúr seo ó 41 faoin gcéad i R1 2019 - 7 bpointe céatadáin.

Mar atá thuasluaite sna codanna roimhe seo, baintear na freagraí 'gan fhios' agus na freagraí diúltaithe as an anailís más ionann iad agus níos lú ná 10 faoin gcéad de na freagraí. Mar sin féin, d'fhonn na sonraí a chur i láthair go cruinn, cuirtear na cionta lena n-áirítear freagraí 'gan fhios' i láthair sa chairt Sástacht leis an nGarda Síochána (i ndath dearg) agus i gcairteacha Leibhéal an Chomhaontaithe thíos, agus fágadh ar láir iad chomh maith.


## Sástacht leis an nGarda Síochána ('an-sásta' agus sásta')




## Leibhéal an Chomhaontaithe Gan Freagraí 'Gan Fhios' San Áireamh





## Leibhéal an Chomhaontaithe agus Freagraí 'Gan Fhios' San Áireamh



# Iontaoibh sa Gharda Síochána


Le linn R2 2019, dúirt 89 de na freagróirí go raibh iontaoibh mheasartha go hiontaoibh ard acu sa Gharda Síochána. Is tomhas í an iontaoibh sna Gardaí a d'fhan an-seasmhach sna suirbhéanna uile.





# Comhionannas Cóireála ag an nGarda Síochána

Gan aon athrú ó R1 2019, i R2, d'aontaigh 96 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé go gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá mbeadh teagmháil acu leo ar chúis ar bith (nuair a cuireadh freagraí 'gan fhios' san áireamh san anailís, b'ionann an figiúr agus 92%). Chonacthas an leibhéal comhaontaithe ab airde leis an ráiteas seo i R1 agus R2 de 2019 i gcomparáid leis an gcúig ráithe dheiridh. Nuair a iarradh ar na freagróirí má dhéileálann na Gardaí ina gceantar áitiúil go cothrom leo, cuma cé hiad féin, d'aontaigh 83 faoin gcéad leis (66% nuair a chuirtear san áireamh freagraí 'gan fhios') . Tá méadú de dhá phointe céatadáin tagtha ar an bhfigiúr seo ó R1 2019. Mar gheall ar an líon mór freagraí "gan fhios" ar an gceist seo (21%), cuirtear i láthair sna cairteacha thíos, figiúirí leis na freagraí 'gan fhios' san áireamh agus gan iad.


### Caitheann na hGardaí le Daoine go hÓmósach




### Caitheann na Gardaí le Gach Duine go Cothrom



# Braistintí faoi Eagraíocht an Gharda




Mar a luadh roimhe seo, más lú ná 10 faoin gcéad na freagraí 'gan fhios' agus diúltaithe, ní chuirtear san áireamh iad san anailís. Mar sin féin, chun na sonraí a chur i láthair go hiomlán agus go cruinn, tá na cionta, ina bhfuil na freagraí 'gan fhios' curtha san áireamh agus nach bhfuil, le fáil sa chairt thíos. I R2 2019, d'aontaigh formhór na bhfreagróirí suirbhé (93%) go bhfuil baill den Gharda Síochána cairdiúil agus cabhrach. Faoi mar a bhí i R1 2019, agus sna suirbhéanna deireanacha a rinneadh, d'fhan an figiúr seo ard go comhsheasmhach. Mheas seachtó faoin gcéad d'fhreagróirí go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal - laghdú de 2 phointe céatadáin ó R1; b'ionann an céatadán a mheas go raibh sé nua-aimseartha agus forásach agus 68 faoin gcéad agus a mheas go raibh sé éifeachtach maidir le dul i ngleic le coireacht ag 65 faoin gcéad; mheas 43 faoin gcéad go soláthraíonn An Garda Síochána seirbhís den chéad scoth (suas le 2 phointe céatadáin ó shonraí Q1) agus ar deireadh, d'aontaigh 55 faoin gcéad go bhfuil dea-bhainistíocht á déanamh ar an eagraíocht. Tá feabhas réidh ag teacht ar dhearcthaí ar éifeachtacht agus ar chumas an Gharda Síochána ó 2016 agus i R2 2019 chonacthas feabhsuithe i roinnt réimsí, cé go léirítear laghduithe beaga i roinnt tomhas.

# Conclúid

Arna choimisiúnú ag An Garda Síochána, agus an obair allamuigh á déanamh ag Amárach Research, foilsítear torthaí den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail de chuid Gharda Síochána anois ar bhonn ráithiúil. Tá feasacháin agus tuarascálacha bliantúla roimhe seo ar fáil ag www.garda.ie .

Breathnaítear go fóill ar choireacht náisiúnta mar rud atá níos tromchúisí ná an choireacht áitiúil. Sna sonraí R2 2019, léirítear go bhfuil méadú beag tagtha orthu siúd a fhéachann ar choireacht náisiúnta mar fhadhb 'tromchúiseach' nó 'an-tromchúiseach'.

Le linn R2 2019, b'ionann an ráta íospairte agus 5.3 faoin gcéad, cé gurb ionann cion na n-íospartach a thuairiscigh an choir leis na Gardaí agus 76 faoin gcéad. Taifeadadh sástacht i measc íospartaigh na coireachta (a thuairiscigh an choir do na Gardaí) ag 66 faoin gcéad. Mar a luadh roimhe seo, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, de réir agus a dhéantar anailís ar chomhréireanna níos lú den sampla, go dtagann méadú ar an lamháil earráide. Ba chóir é sin a chur san áireamh nuair atá scrúdú a dhéanamh ar shamplaí ráithiúla íospartaigh na coireachta.

I R2 2019, d'fhan céatadán na bhfreagróirí nach mbíonn buartha faoina bheith ina n-íospartaigh choireachta (figiúr a bhfuil méadú seasta ag teacht air sna suirbhéanna deireanacha) mar an gcéanna le R1 2019 - 55 faoin gcéad.

Mar an gcéanna, ní raibh aon athrú ar an gcéatadán díobh siúd nach bhfuil aon eagla orthu i leith na coireachta go ginearálta ón gcéad ráithe den bhliain seo agus gan ach laghdú de 1 faoin gcéad orthu siúd a thuairiscíonn nach bhfuil aon tionchar ag eagla na coireachta ar a gcáilíocht bheatha.

Is ionann feasacht faoi phatróil na nGardaí i gceantair áitiúla ag 41 faoin gcéad i R2 2019. Tá athrú tagtha ar bhraistintí go bhfuil láithreacht an Gharda ag an leibhéal ceart ó R2 2018 idir 37 faoin gcéad agus 46 faoin gcéad i R2 2019 (an leibhéal is airde). Thuairiscigh ochtó faoin gcéad de na freagróirí go raibh siad sásta leis an tseirbhís a chuir An Garda Síochána ar fáil do phobail áitiúla. D'fhan sé seo réasúnta seasmhach le linn na ceithre phointe tomhais is deireanaí.

Tá an iontaoibh sa Gharda Síochána fós ard ag 89 faoin gcéad. Mar is amhlaidh i R1 2019, creideann formhór na bhfreagróirí (96%) go gcaithfeadh na Gardaí leat le meas má bhí teagmháil agat leo ar chúis ar bith agus go gcaitheann Gardaí ina gceantar áitiúil le gach duine go cothrom beag beann ar cé hiad (83%). D'fhan leibhéil comhaontaithe le ráitis faoi éifeachtacht agus inniúlacht an Gharda Síochána réasúnta seasmhach sna suirbhéanna ráithe deireanacha. Tá laghdú beag tagtha ar thuairimí maidir lena bheith cairdiúil agus cabhrach, dírithe ar an bpobal agus éifeachtach maidir le dul i ngleic le coireacht.